



Uimhir 48 de 2012

An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2012

[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 48 de 2012

AN tACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA (LEASÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht
3. Comhlacht saolta
4. Leasú ar alt 51 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 54 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 57 den Phríomh-Acht
10. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

[Uimh. 48.]

An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2012

[2012.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)

Na hAchtanna um Chlárú Sibhialta 2004 go 2008



Uimhir 48 de 2012

AN tACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA (LEASÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú agus do leathnú an Achta um Chlárú Sibhialta, 2004. [26 Nollaig 2012]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004.

Leasú ar alt 45 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 45 den Phríomh-Acht—
 - (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “comhlacht”:
“ciallaíonn ‘comhlacht’ an Fheidhmeannacht, comhlacht creidimh nó comhlacht saolta;”,
 - (b) sa mhíniú ar “comhlacht creidimh” trí “le haghaidh comhadhartha creidimh;” a chur in ionad “le haghaidh comhadhartha creidimh.”, agus
 - (c) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “comhlacht creidimh”:
“forléireofar ‘comhlacht saolta’ de réir alt 45A.”.

Comhlacht saolta

3. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 45:

“Comhlacht saolta

45A. (1) Chun críocha na Coda seo, is comhlacht saolta comhlacht, faoi réir fho-alt (2), más rud é gur grúpa eagraithe daoine é agus—

- (a) nach lú ná 50 líon a chomhaltaí,
- (b) gur cuspóirí saolta, eiticiúla agus daonnachacha a phríomhchuspóirí,
- (c) go dtagann comhaltaí an chomhlachta le chéile go rialta i ndáil lena gcreidimh agus chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír (b) a chur ar aghaidh,

- (d) nach bhfuil aon rialacha aige maidir le pósadh, ná maidir le póstaí a shollúnú, a sháraíonn ceanglais an Achta seo nó aon achtacháin nó rialach dlí eile,
 - (e) go suitear chun sástacht an Ard-Chláraitheora gur comhlacht é a bhfuil nósanna imeachta cuí aige i scríbhinn chun comhaltaí a roghnú, a oiliúint agus a chreidiúnú mar dhaoine oiriúnacha cuí chun póstaí a shollúnú,
 - (f) gur comhlacht é atá, an dáta a dhéanann sé iarratas faoi alt 54 nó 57, tar éis bheith ar marthain ar feadh tréimhse leanúnach nach giorra ná 5 bliana,
 - (g) gur comhlacht é—
 - (i) atá i dteideal díolúine faoi alt 207 nó 208 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus a bhí ina teideal amhlaidh ar feadh tréimhse leanúnach nár ghiorra ná cúig bliana díreach roimh dháta an iarratais ba dhéanaí ón gcomhlacht faoi alt 54 nó 57, agus
 - (I) go bhfuil uimhir (dá ngairtear “uimhir charthanais” go coitianta) arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncain chun críocha na díolúine sin, agus
 - (II) go raibh an uimhir sin arna heisiúint ar feadh tréimhse leanúnach nár ghiorra ná 5 bliana díreach roimh dháta an iarratais ba dhéanaí ón gcomhlacht faoi alt 54 nó 57,
 - (ii) gurb amhlaidh ina leith—
 - (I) go bhfuil uimhir (dá ngairtear “uimhir charthanais” go coitianta) arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncain chun críocha na díolúine sin, agus
 - (II) go raibh an uimhir sin arna heisiúint ar feadh tréimhse leanúnach nár ghiorra ná 5 bliana díreach roimh dháta an iarratais ba dhéanaí ón gcomhlacht faoi alt 54 nó 57,
 - (h) gur comhlacht é nach bhfuil ar cheann dá phríomhchuspóirí brabús a dhéanamh, agus
 - (i) go gcothabhálann sé clár dá chuid comhaltaí.
- (2) Ní comhlacht saolta chun críocha na Coda seo aon cheann díobh seo a leanas:
- (a) páirtí polaitíochta, ná comhlacht a chuireann páirtí polaitíochta nó iarrthóir polaitíochta chun cinn;
 - (b) comhlacht a chuireann cúis pholaitíochta chun cinn;
 - (c) comhlacht ceadaithe daoine de réir bhrí alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
 - (d) ceadchumann nó comhlacht ionadaitheach fostóirí;
 - (e) cumann lucht tráchtála;
 - (f) comhlacht a chuireann cuspóirí chun cinn ar cuspóirí iad—
 - (i) atá neamhdhleathach,
 - (ii) atá contrártha don mhoráltacht phoiblí,
 - (iii) atá contrártha don bheartas poiblí,
 - (iv) atá ina dtacaíocht le sceimhlitheoireacht nó le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, cibé acu laistigh den Stát nó lasmuigh den Stát, nó

- (v) a théann chun tairbhe d’eagraíocht a bhfuil sé neamhdhleathach ag duine a bheith ina chomhalta nó ina comhalta di.”.

Leasú ar alt 51 den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 51(3) den Phríomh-Acht, i mír (c), trí “ag an gcomhlacht creidimh nó ag an gcomhlacht saolta, de réir mar a bheidh,” a chur in ionad “ag an gcomhlacht creidimh”.

Leasú ar alt 53 den Phríomh-Acht

5. Leasaítear alt 53(4) den Phríomh-Acht, i mír (a), trí “comhlacht creidimh ná comhlacht saolta” a chur in ionad “comhlacht creidimh”.

Leasú ar alt 54 den Phríomh-Acht

6. Leasaítear alt 54 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh comhlacht iarratas a dhéanamh chun an Ard-Chláráitheora—

- (a) i gcás gurb í an Fheidhmeannacht an comhlacht, ar chláráitheoir a bheidh ainmnithe san iarratas, a bheidh ar fostú ag an bhFeidhmeannacht agus a bheidh 18 mbliana d’aois nó os a chionn a chlárú,
- (b) i gcás gur comhlacht creidimh an comhlacht, ar chomhalta a bheidh ainmnithe san iarratas agus a bheidh 18 mbliana d’aois nó os a chionn a chlárú, agus
- (c) i gcás gur comhlacht saolta an comhlacht, ar chomhalta a bheidh ainmnithe san iarratas agus a bheidh 18 mbliana d’aois nó os a chionn, a chlárú.”,

- (b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Beidh ag gabháil le hiarratas lena mbaineann fo-alt (1)(c) deimhniú—

- (a) i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an tArd-Chláráitheoir, agus
- (b) arna shíniú ag oifigeach de chuid an chomhlachta shaolta lena mbaineann á rá, maidir leis an gcomhalta ar i ndáil leis nó léi a bheidh an t-iarratas á dhéanamh, go ndearna an comhlacht saolta é nó í a roghnú, a oiliúint agus a chreidiúnú de réir na nósanna imeachta dá dtagraítear in alt 45A(1)(e) agus gur duine oiriúnach ceart é nó í, i dtuairim an oifigigh sin, chun pósadh a shollúnú.

(2B) Aon comhlacht creidimh nó comhlacht saolta a mbeidh iarratas déanta aige faoi fho-alt (1), déanfaidh sé, i ndáil leis an iarratas sin, cibé faisnéis bhreise a iarrfaidh an tArd-Chláráitheoir a sholáthar don Ard-Chláráitheoir laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san iarraidh.”,

agus

- (c) i bhfo-alt (3), trí “de chomhlacht creidimh nó de chomhlacht saolta” a chur in ionad “de chomhlacht creidimh”.

Leasú ar alt 55 den Phríomh-Acht

7. Leasaítear alt 55 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) go bhfuil an comhlacht lena mbaineann (nach í an Fheidhmeannacht é) scortha de bheith ina chomhlacht creidimh nó ina chomhlacht saolta.”.

Leasú ar alt 56 den Phríomh-Acht

8. Leasaítear alt 56(5) den Phríomh-Acht—

(a) i mír (a), trí “nach comhlacht creidimh ná comhlacht saolta an comhlacht,” a chur in ionad “nach comhlacht creidimh an comhlacht” agus “scortha de bheith ina chomhlacht creidimh nó ina chomhlacht saolta” a chur in ionad “scortha de bheith ina chomhlacht creidimh”, agus

(b) i mír (c), trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhíreanna (i), (ii) agus (iii):

“(i) i gcás gurb í an Fheidhmeannacht nó gur comhlacht creidimh nó comhlacht saolta a dhéanfaidh an t-achomharc, breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta don chuaird ina bhfuil a príomháit ghnó nó a phríomháit ghnó nó a príomhoifig nó a phríomhoifig ag an bhFeidhmeannacht, ag an gcomhlacht creidimh nó ag an gcomhlacht saolta,

(ii) i gcás gur duine (seachas an Fheidhmeannacht, comhlacht creidimh nó comhlacht saolta) a dhéanfaidh an t-achomharc, breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó ina seolann sé nó sí aon ghairm, gnó nó slí bheatha,

(iii) i gcás gur duine (seachas an Fheidhmeannacht, comhlacht creidimh nó comhlacht saolta) agus an Fheidhmeannacht, comhlacht creidimh nó comhlacht saolta a dhéanfaidh an t-achomharc, breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta don chuaird ina bhfuil a príomháit ghnó nó a phríomháit ghnó nó a príomhoifig nó a phríomhoifig ag an bhFeidhmeannacht, ag an gcomhlacht creidimh nó ag an gcomhlacht saolta.”.

Leasú ar alt 57 den Phríomh-Acht

9. Leasaítear alt 57 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “ó chomhlacht creidimh nó ó chomhlacht saolta, údarú sealadach a dheonú do chomhalta den chomhlacht creidimh nó den chomhlacht saolta” a chur in ionad “ó chomhlacht creidimh, údarú sealadach a dheonú do chomhalta den chomhlacht”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Beidh ag gabháil le hiarratas arna dhéanamh ag comhlacht saolta faoi fho-alt (1) deimhniú—

(a) i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a chinnfidh an tArd-Chláraitheoir, agus

(b) arna shíniú ag oifigeach de chuid an chomhlachta shaolta lena mbaineann á rá, maidir leis an gcomhalta ar i ndáil leis nó léi a dhéantar an t-iarratas, go ndearna an comhlacht saolta é nó í a roghnú, a oiliúint agus a chreidiúnú de réir na

nósanna imeachta dá dtagraítear in alt 45A(1)(e) agus gur duine oiriúnach cuí é nó í, i dtuairim an oifigigh sin, chun pósadh a shollúnú.

- (2B) Aon chomhlacht creidimh nó comhlacht saolta a mbeidh iarratas faoi fho-alt (1) déanta aige, déanfaidh sé, i ndáil leis an iarratas sin, cibé faisnéis bhreise a iarrfaidh an tArd-Chlárúitheoir a sholáthar don Ard-Chlárúitheoir laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san iarraidh.”.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

- 10.** (1) Féadfar an tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2012 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 go 2012 a ghairm de na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 go 2008 agus den Acht seo le chéile.
- (3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.